

LAETHANTA A BHFUIL ÍOC DLEACTANNA AGUS CÁNACHA IARCHURTHA CHUIGE

CINEÁL AN DLEACTHA / NA CÁNACH	LÁ A BHFUIL AN DLITEANAS IARCHURTHA CHUIGE
Dleachtanna Custam AE agus tobhaigh iníoctha ag tráth na hiompórtála nó na heaspórtála, agus Cáin Bhreisluacha (CBL) iníoctha ag tráth na hiompórtála (seachas CBL ar earraí faoi réir na Cánach ar Tháirgí Alcóil).	An cúigiú lá déag den mhí tar éis na míosa ina bhfuil an dleacht / cáin iníoctha. Sa chás go dtiteann sé seo ar lá nach lá oibre é, an lá cuí ná an chéad lá oibre eile.
Cáin Cláraithe Feithiclí (CCF).	An cúigiú lá déag den mhí tar éis na míosa ina bhfuil an cháin iníoctha. Sa chás go dtiteann sé seo ar lá nach lá oibre é, an lá cuí ná an lá oibre roimhe.
Cáin ar Tháirgí Alcóil agus CBL ar tháirgí faoi réir na Cánach ar Tháirgí Alcóil.	<ul style="list-style-type: none"> Ceithre lá oibre roimh 25 Nollaig i ndáil le cáin iníoctha i mí na Samhna. An dara lá oibre deiridh den mhí ina dhiaidh i ndáil le cáin iníoctha le linn míonna seachas mí na Samhna.
Cáin ar Tháirgí Tobac (gan cáin san áireamh a íoctar le Stampaí Cánach).	<ul style="list-style-type: none"> Ceithre lá oibre roimh 25 Nollaig i ndáil le cáin iníoctha i mí na Samhna. Ceithre lá oibre roimh 25 Nollaig i ndáil le leath den dliteanas measta do mhí na Nollag. An dara lá oibre deiridh den mhí ina dhiaidh i ndáil le cáin iníoctha i ngach cúinse eile.

Chun teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Cuntasafóchta ríomhChustam, bain úsáid as an tseirbhís shlán **'M'Fhiosruithe'** atá ar fáil in **mochúrsaí** nó in ROS:

- sínigh isteach ar M'Fhiosruithe
- roghnaigh 'Cuir fiosrú nua leis'
- sa bhosca 'Baineann m'Fhiosrú le', cuir isteach 'Custaim'
- agus sa bhosca 'Agus Níos Beichte', cuir isteach 'Cuntais AEP Custam agus Máil'.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncain cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncain ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncain ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar www.revenue.ie. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcrúachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.